

Coláiste | Aonad Bainistíochta	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Scoil | Aonad	Oifig an Choláiste - An lár-oifig
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair *(más ábhartha)*	Bainisteoir Cumarsáide
Tréimhse an Phoist	3 bliana
Grád	Oifigeach Riaracháin I
Scála Tuarastail	€53,876 - €72,929
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Cumarsáid agus Margaíocht – Leibhéal Gairme 4
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2026-10-072
Bainisteoir Líne	Príomhoifigeach nó a (h)Ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais	020236
Riarthóir Acmhainní Daonna	Nicole Johnston
Iarratais agus Dáta Deiridh	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre	Níl

Achoimre ar an bPost:

Is mian le Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta UCD Bainisteoir Cumarsáide a earcú chun branda an choláiste a fhorbairt agus a chur chun cinn, a thaighde a thaispeáint agus aird a tharraingt ar thionscnaimh a bhfuil tábhacht straitéiseach agus idir-dhisciplíneach leo. Beidh an ról dírithe ar na rathanna agus na torthaí a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha an choláiste a chur in iúl ar fud na bpríomhchlár Taighde, Oideachais, Rannpháirtíocht Dhomhanda agus Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

Is é Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD an coláiste is mó laistigh den ollscoil agus cuimsíonn sé réimse leathan disciplíní agus gníomhaíochtaí ar fud cúig scoil chomhpháirteacha, agus iad uile bunaithe ar chreat Aon Sláinte Amháin (*One Health*). Beidh ról lárnach ag an mBainisteoir Cumarsáide i dtaca le cumarsáid inmheánach den scoth a chothú ar fud an choláiste leathan seo atá scaipthe go geografach agus ag spreagadh rannpháirtíocht thioncharach le geallsealbhóirí seachtracha tábhachtacha. Oibreoidh sealbhóir an phoist le geallsealbhóirí ar fud an choláiste, lena n-áirítear na Leas-Phríomhoidí agus na coistí gaolmhara, chomh maith le foireann na lár-oifige.

Tá sé mar phríomhthosaíocht ag an gceapaí an coláiste a fheabhsú go leanúnach agus an branda a chur chun cinn trí bhealaí éagsúla – idir dhigiteach agus phearsanta – a bhaineann le for-rochtain, idirchaidreamh agus cumarsáid chun tuiscint shoiléir ar ár gcuspóirí agus ar ár mbranda sa mhargadh a chinntiú, agus feasacht ar ár n-aschur taighde. Mar dhuine réamhghníomhach a oibríonn go maith i bhfoireann, tabharfaidh an t-iarrthóir rathúil treoir don dámh agus don fhoireann maidir le teicnící éifeachtacha cumarsáide agus maidir le cloí le Treoirlínte Branda UCD.

I gcomhthéacs an méid thuas, comhlíonfaidh an sealbhóir poist na príomhdhualgais agus na freagrachtaí atá leagtha amach thíos. Ina theannta sin, cuirfidh siad le tionscadail agus gníomhaíochtaí gaolmhara de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn.